C/2024/5351

2.9.2024

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/5351)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Oli de Menorca / Aceite de Menorca’

Uimh. AE: PGI-ES-03012 — 9.10.2023

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

‘Oli de Menorca / Aceite de Menorca’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.5. Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is ola olóige úríon í ‘Oli de Menorca / Aceite de Menorca’ atá orgánach nó atá á tiontú, a fhaightear trí phróisis mheicniúla ó thoradh an chrainn olóige amháin (Olea europaea L.). Is ola thorthaíoch í a bhfuil déine mheánach nó láidir inti agus sa bhéal bíonn searbhas agus géire idir éadrom agus meánach aici. Cuireann na tréithe seo ar a chumas í a aicmiú mar ola chothromaithe.

Saintréithe fisiceimiceacha:

Aigéadacht (arna sloinneadh mar aigéad oiléach): ≤ 0,5 %

Luach sárocsaíde: ≤ 15 meq O_2/kg

K_{232} ≤ 2,00

K_{270} ≤ 0,18

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tréithe orgánaileipteacha:

Airí	Luach airmheánach
Blas torthaíoch glas	≥ 3,5
Searbh	≥ 2 ≤ 6
Géar	≥ 2,5 ≤ 6
Cothromaíocht	Níl airmheán an airí shearbh agus airmheán an airí ghéir níos mó ná dhá phointe os cionn airmheán an bhlais thorthaíoch ghlais.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Gach céim i dtáirgeadh 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca', ó fhás ológ go próiseáil ológ, ní mór na céimeanna sin a dhéanamh ar oileán Mhionarca.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainaitheanta*

Gach céim i dtáirgeadh 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca', ó fhás ológ go próiseáil ológ, ní mór na céimeanna sin a dhéanamh ar oileán Mhionarca.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór do choimeádáin 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' an ola olóige a chosaint ó sholas.

Is é cúig lítear toilleadh uasta na gcoimeádán.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na focail 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' a bheith ar an lipéadú, agus na hinisealacha 'IGP' ina dhiaidh. Féadfaidh an t-oibreoir an leagan 'Oli de Menorca' (Catalóinis) agus/nó 'Aceite de Menorca' (Spáinnis) a roghnú.

Ní mór cód uimhrithe alfa-uimhriúil seicheamhach a bheith ar an lipéadú chun seiceálacha inrianaitheachta táirgí a éascú.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar ina bhfástar na hológa agus ina dtáirgtear 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' teoranta go heisiach d'oileán Mhionarca, a bhaineann le Pobal Féinrialaitheach na nOileán Bailéarach.

Tá oileán Mhionarca suite idir domhanleithid 39° 47′ 55′′ agus 40° 05′ 17′′ T agus domhanfhaid 3° 47′ 26′′ agus 4° 19′ 40′′ O sa Mheánmhuir. Is é an t-oileán is faide soir den oileánra Bailéarach.

Tá achar dromchla de thart ar 701 km^2 aige, agus tá sé 48 km ar fad ag an bpointe is faide agus 20 km ar leithead ag an bpointe is leithne.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc leis an gcomhshaol bunaithe ar cháil an táirge.

An cháil a bhaineann leis faoi láthair

Léiríonn na gradaim idirnáisiúnta iomadúla a fuair 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca', a láithreacht ar bhiachláir bialanna mór le rá, a rannpháirtíocht in aontaí iomadúla agus na foilseacháin a thagraíonn do cháilíocht 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' an clú atá gnóthaithe aige.

A mhéid a bhaineann le gradaim idirnáisiúnta, bhuaigh táirgeoirí éagsúla duaiseanna i gcomórtais le déanaí. I measc na samplaí suntasacha tá: Comórtas Idirnáisiúnta Ola Olóige Londan (2021 agus 2022) agus 'Gradam Ola Olóige BIOFACH 2022', inar áiríodh ola olóige de chuid Mhionarca ar cheann de na deich n-ola olóige orgánacha is fearr ar fud an domhain ag aonach mór le rá BIOFACH le haghaidh táirgí orgánacha (Nuremberg).

Is í an tréith orgánaileipteach is mó a chuir le clú 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' cáilíocht 'ghlas' an bhlais thorthaíoch. Tá an blas torthaíoch glas nasctha leis an toisc dhaonna, agus tá tionchar ag an toisc sin air, ó tharla go mbaintear amach é trí na hológa a bhuaint nuair a bhíonn siad glas nó sna céimeanna luatha den aibiú; chuige sin, luaitear sa tsonraíocht táirge nach mór tús a chur le buaint na n-ológ ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus nuair a bheidh innéacs aibíochta idir 1 agus 4 bainte amach ag na hológa ar scála Ferreira (1979).

Is é an blas torthaíoch glas a dhéanann ola ar leith den ola seo, ach ciallaíonn sé go bhfuil an táirgeacht ó phróiseáil na n-ológ go hola i bhfad níos ísle. I gcás 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca', socraítear leis an tsonraíocht táirge táirgeacht uasta 17 lítear in aghaidh 100 kg d'ológa. Dá bhrí sin, baineann laghdú ar bhrabúsacht le haghaidh táirgeoirí leis an mblas torthaíoch glas, rud a nglacann siad leis toisc go n-aithníonn saineolaithe agus tomhaltóirí an toisc shainiúil sin agus go gcuireann siad luach uirthi.

Is fíric chruthaithe é go bhfuil tionchar ag an mblas torthaíoch glas ar chlú, agus léirigh olaí 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' a fuair gradaim i gcomórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta an tsaintréith sin.

Tá 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' le feiceáil ar bhiachláir an iliomad bialanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta mór le rá, amhail Gaig agus Igueldo in Barcelona I gcathracha amhail Londain, Páras agus an Ghinéiv, tá 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' le feiceáil ar bhiachláir, agus é aistrithe go teangacha oifigiúla na dtíortha comhfhreagracha.

Fíric eile a thugann fianaise ar an gclú atá ag 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' ná go mbíonn sé ag aontaí áitiúla de chuid na Spáinne agus aonraí idirnáisiúnta. Ina measc sin tá *Fira Arrels* [Aonach Arrels] le haghaidh táirgí áitiúla agus cócaireacht áitiúil Mhionarca, agus na laethanta gastranómacha bliantúla *Menorca en el Plato* [Mionarca ar phláta]. Lasmuigh den oileán, chuirfimis chun suntais rannpháirtíocht san aonach gastranómach náisiúnta *Maidrid Fusión* (2021), in 'Blas Pháras' (2022) agus in BIOFACH, Nuremberg (2022).

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin, tar éis dul faoi nós imeachta dian, gur cláraíodh 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' in 2020 i gCatalóg Bhia-Earraí Traidisiúnta na nOileán Bailéarach, atá á bainistiú ag an údarás atá freagrach as talmhaíocht sna hOileáin Bhailéaracha. Tuairiscíodh an t-éacht sin sna meáin áitiúla.

Tá infheictheacht mhór ag 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' sna meáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, inar moladh é sa Chatalóinis, sa Spáinnis, sa Fhraincis agus sa Bhéarla (ag brath ar theanga na tíre tionscnaimh).

I measc na meán sin tá forlíonadh *El Viajero* leis an nuachtán *El País*, *El Económico* [nuachtán ar líne] agus, go minic, *Diario de Menorca* agus *Arabalears* [nuachtáin]

Tá foilseacháin idirnáisiúnta ann freisin ina luaitear 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' sna teangacha ina bhfoilsítear iad, mar shampla Yonder.fr, ar suíomh gréasáin Francach é a bhfuil sainchúram taistil agus gastranamaíochta air. I bhfoilseachán na hirise *Forbes* ar líne, cuirtear láithreacht an táirge ar an oileán i dtábhacht.

Clú stairiúil

Is cruthúnas breise é an cúlra stairiúil ar chlú 'Oli de Menorca / Aceite de Menorca' atá ann faoi láthair.

Ina shaothar *Die Balearen in Wort und Bild geschildert* [Na hOileáin Bhailéaracha arna léiriú i bhfocail agus in íomhánna] (1867-1891), scríobhann Ard-Diúc Ludwig Salvator na hOstaire: 'Is féidir le hola olóige Mhionarca ... a bheith ar chomhcháilíocht le hola olóige ó Mhallarca go héasca.' Tugann sé tuairisc mhionsonraithe ar an táirgeadh atá ann cheana ar an oileán, agus tábhacht agus cáilíocht na dtáirgí feirmeacha áirithe ar an margadh áitiúil á gcur i dtábhacht aige.

Tar éis ghlacadh an chórais mhéadraigh dheachúil sa Spáinn, d'eisigh Méara Mahón rialachán in 1871 inar leag sé síos coibhéisí, sa chóras méadrach nua, na mbeart traidisiúnta a úsáideadh le haghaidh na dtáirgí is ábhartha atá ar an oileán. Dá réir sin, glacadh 'bearta ola olóige Mhionarca' agus foilsíodh iad in *Boletín de Anuncios* [Iris Fógraí] an nuachtáin *El Menorquín*.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://www.caib.es/sites/qualitatagroalimentaria/es/oli_de_menorca/